



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

PRÍOMHOIFIGEACH IN ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN – RÚNAÍ

BOIRD/STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTA – CONARTHA BLIAIN AMHÁIN

Is é Údarás Uchtála na hÉireann an comhlacht rialála don uchtú in Éirinn. Ba mhaith leis an Údarás post Phríomhoifigigh a líonadh ar feadh bliain amháin. Faoi láthair tá an post bunaithe in Oifig an Údaráis i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Is seirbhísigh phoiblí iad fostaithe de chuid an Údaráis Uchtála. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.aai.gov.ie.

Beidh na tréithe seo a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- ✓ Cuntas teiste cruthaithe maidir le héachtaí suntasacha ag an leibhéal sinsearach a léiríonn an cheannaireacht, an bhainistíocht agus na scileanna idirphearsanta is gá chun an ról seo a chomhlíonadh;
- ✓ An cumas oibriú go héifeachtach le foireann ildisciplíneach agus réimse éagsúil páirtithe leasmhara;
- ✓ An tsolúbthacht taisteal a dhéanamh in Éirinn agus thar lear ar bhonn rialta (faoi réir na rialachán sláinte poiblí atá i bhfeidhm ag an am).

Príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí

Rúnaí an Bhoird

- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an gCathaoirleach;
- Pacaí Boird a ullmhú le haghaidh gach cruinnithe den Bhord;
- Tinreamh agus miontuairiscí a thairgeadh ag gach cruinniú Boird;
- Cinntí an Bhoird a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm;
- Comhlíonadh leis an gCód Cleachtas um Chomhlachtaí Stáit a Rialú;

Stiúrthóir Oibríochtaí

- Bainistiú a dhéanamh ar na hAonaid Oibríochtúla, lena n-áirítear bainistiú feidhmíochta, bainistiú cáis, forbairt próiseas agus nósanna imeachta;
- Na Cláir Reachtúla san Údarás Uchtála a choinneáil.

Ginearálta

- Freastal ar chruinnithe seachtainiúla ardbhainistíochta;
- Freastal i dteannta an POF ar chruinnithe sceidealaithe le páirtithe leasmhara;
- Feidhmiú mar POF nuair a bhíonn an POF as láthair;
- Oifigeach achomhairc le haghaidh Iarratais um Shaoráil Faisnéise agus Iarratais Duine ar a S(h)onraí

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin bpost agus faoin bpróiseas iarratais, téigh go dtí an rannóg Folúntais ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag www.aai.gov.ie **Is é an dáta is deireanaí chun iarratais a fháil ná 12 meán Iae Céadaoin 18 Lúnasa 2021.**